2026/1718

14.7.2026

CINNEADH (CBES) 2026/1718 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Iúil 2026

lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Chorn na hAfraice agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1012

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33, i gcomhar le hAirteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Nollaig 2011, chomhaontaigh an Chomhairle Ionadaí Speisialta de chuid an Aontais Eorpaigh (ISAE) a cheapadh do Chorn na hAfraice.

(2) An 21 Meitheamh 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1012 ([1]), lena gceaptar Annette WEBER ina ISAE do Chorn na hAfraice.

(3) An 18 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1238 ([2]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Annette WEBER mar ISAE do Chorn na hAfraice go dtí an 31 Lúnasa 2024.

(4) An 26 Iúil 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2082 ([3]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Annette WEBER mar ISAE do Chorn na hAfraice. Tá sainordú ISAE le dul in éag an 31 Lúnasa 2026.

(5) Ba cheart síneadh a chur le sainordú ISAE go ceann tréimhse bhreise 12 mhí agus ba cheart méid tagartha airgeadais nua a bhunú don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 31 Lúnasa 2027.

(6) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1012 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Leis seo, ceaptar Annette WEBER mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) do Chorn na hAfraice ón 1 Iúil 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2022.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/1012 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Chorn na hAfraice (IO L 222, 22.6.2021, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/1012/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/1238 ón gComhairle an 18 Iúil 2022 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Chorn na hAfraice agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1012 (IO L 190, 19.7.2022, lch. 127, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/1238/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2024/2082 ón gComhairle an 26 Iúil 2024 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Chorn na hAfraice agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1012 (IO L, 2024/2082, 29.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2082/oj).'.

Cuirtear síneadh le sainordú Annette WEBER mar ISAE do Chorn na hAfraice go dtí an 31 Lúnasa 2024.

Cuirtear síneadh le sainordú Annette WEBER mar ISAE do Chorn na hAfraice go dtí an 31 Lúnasa 2026.

Cuirtear síneadh le sainordú Annette WEBER mar ISAE do Chorn na hAfraice go dtí an 31 Lúnasa 2027.

Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfar sainordú ISAE a fhoirceannadh níos luaithe, ar bhonn measúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála agus togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí").';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Rannchuideoidh ISAE le tiomantas an Aontais chun a chaidreamh straitéiseach agus a chomhpháirtíocht le réigiún Chorn na hAfraice agus a thíortha a dhoimhniú, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na ceannasachta agus na hiomláine críochaí, arb é an cuspóir tacú leis an tsíocháin agus leis an tslándáil, leis an daonlathas, le cearta daonna, leis an smacht reachta, leis an gcomhionannas inscne, le prionsabail dhaonnúla agus leis an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta (DDI), leis an bhfás inbhuanaithe, le gníomhú ar son na haeráide agus leis an gcomhar réigiúnach.';

(3) cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 5(1):

'Is é EUR 2 701 444,65 an méid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann le sainordú ISAE don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 31 Lúnasa 2027 a chumhdach.';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

'*Airteagal 13*

Cearta a aistriú

Chun a áirithiú go n-urramófar gealltanais dhlíthiúla arna ndéanamh ag ISAEnna a bhí ann roimhe seo do Chorn na hAfraice maidir lena mbaill foirne, maidir le soláthar oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí agus maidir le talamh, foirgnimh nó maoin dhochorraithe eile a fháil ar cíos, tiocfaidh ISAE i gcomharbas ar na ISAEnna sin a bhí ann roimhe seo agus glacfaidh sé nó sí cearta agus oibleagáidí na ISAEnna sin a bhí ann roimhe seo air nó uirthi féin, cé is moite d'oibleagáidí a eascraíonn as mí-iompar tromchúiseach as a leanfaidh na ISAEnna sin a bhí ann roimhe seo amháin de bheith freagrach.';

(5) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

'Cuirfidh ISAE faoi bhráid na Comhairle, an Ardionadaí agus an Choimisiúin tuarascálacha tráthrialta maidir le dul chun cinn agus tuarascáil chuimsitheach deiridh ar chur chun feidhme an tsainordaithe faoin 31 Bealtaine 2027.'.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Iúil 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS